

# SGÉUL AN ÉUN ÓRTHA.

Baintreach abhí ann agus beirt mhac aici agus ingean. Ní raibh aon bhlas ó Dhia acab ach an méid abhí an chlann mhac a shaorthugadh a bainnt coille agus 'ga diol ar a margadh. Bhí siad lá ansoin agus casadh éun oráilte leothabh istigh 'sa gcoill. Chuaidh siad a rith ar an éun agus bhí sé an oidhche nuair a rug siad ar an éun. Nuair a tháinig siad abhaile ansin bhí an mháthair as a ciall nuair nach raibh airgead déanta acab dhe'n choill mar ní raibh sí indon béilí a ghléas gan a luach a bheith aici. Bhí an oiread cion acab ar an éun ansoin agus bhí faitchios orthab go marbhocaidh an mhathair é. D'ímtigh leothab agus chuir siad isteach faoi bheal pota é agus chuir siad clár beag faoi bhéul a phota a bheadh a leigint gaoth isteach ag an éun.

Nuair a déirigh siad ar maidin bhreatnuigh siad isteach faoi'n bpota ar an éun agus bhreathnuigh siad ar chaoi nach nimtheóchaidh an téun uathab agus bhí ubh óir beirthe ag an éun. Thug an mhathair léith í ansoin agus thug sí chomh fada le ceannuidhe siopa í agus fuair sí neart airgid uaithi agus d'féad sí béili maith a ghléasadh ansoin. Maidin lá'r na bháireach ansoin bhí ubh ór eile beirthe aici agus thug sí léithe í agus chuaidh sí chomh fada leis a' gceannuidhe siopa agus dhíol sí í. An triomhadh lá bhí ubh aici agus thug sí chomh fada leis a gceannuidhe siopa í. Nuair a thug sí an triomadh ubh aige. "An bhfuil a'téun sin a'd sa" adeir sé "tá" adeir sí "bhoil" adeir sé "má thugann tusa t'ingean dhom sa agus an téun sin a thabhairt dhe spré dhi pósfhaidh mé í. D'ímtigh léithi agus chuaidh sí abhaile agus thug sí aige an tingeann agus an téun agus ar a' bpointe agus bhfaca seisean an téun phós sé an ingean.

Ar maidin lá'r na bháireach dubhairt sé le na bhean (an ingean) an téun a mharbhuighadh agus an aobh a thabhairt le n-ithe dhó. Nuair abhí an aobh ar a tine tháinig duine dhe na dreátharachaibh a fuair an téun a caoineadh an éuin agus nuair a chonaic sé an aobh ar a teine nior rinne sé ach í shluigeadh. Nuair a d'iarr an ceannuidhe siopa an ubh le nithe dubhairt sise gur shloig duine dhe na driatharacha í. "Má shluig" adeir seisean "teirigh thusa abhaile". Dhíbir sé abhaile í. Ní raibh aon ghnó ag a dreáthair ansoin a thaobhachtáil an tigh mar gheall ar an mháthair agus d'ímtigh sé leis i ndiadh a chinn roimhe.

Casadh isteach i dteach é. Dh'iarr sé lóistín agus fuair. D'fhan sé trí lá ann agus an lá ar ímtigh sé chuaidh bean an tighe suas go dtí na leabadh agus fuair sí trí eangachain óir faoi na chloigeann. Cuaidh sí síos "leanagaí an fear sin" adeir sí le na clann fuair mé trí eangachain óir faoi na chloigeann agus má tá mé beó d'ith sé aobh an éun órtha agus níl aon mhaidin chúns bheas sé beo nach mbeidh eangach óir faoi na chloigeann. Chuaidh siad ina diadh agus nuair a thug siad ar ais é. "Ar ith tusa aobh aon éun " adeir sí "D'itheas" adeir sé. "Sin é an téun órtha" adeir sí fuair mise trí eangach óir faoi do chloigeann indiu agus níl aon mhaidin an fad is bheas tú beó nach mbeidh eangach óir faoi do chloigeann. "Má is mar sin é" adeir sé "bíodh na trí cinn sin a'd sa beidh mo dhóthain a'm sa." Ba mhaith liom thú chur ar taireachas" adeir sí. "Beidh mé féin aireach feasta" adeir sé. Bhí sé gimtheacht leis ansoin

agus a cruinniughadh a chuid airgid. Oidhche bith bhíodh sé ar lóistín ansoin sé'n chéud mhaith a dheanfhadh sé an eangach a thóigéal. Bhí bean ann ansoin caithíeadóir a sórt maluigheacht eicint le imirt chartaí aici agus ní raibh sí fagáil piginn ag duine bith abhí teacht chomh fada léithi. Tháinig seisean chomh fada léithi agus bhí sé thabhairt neart imeartha dhi. Dhbhairt sise léithi fhéin ansoin "níl aon fhear beó a choinneóchaidh imirt liomsa ach fear a bheadh a deanamh airgid ach má tá mise beó tá aobh an éun ortha iththe a'd sa. Ach má tá ní bheidh moran achair go mbeidh sí ithe a'm sa."

D'ímtigh léithi agus thug sí neart óil dó oidhche. Shíl sé nach nach ndeanfhadh sé tada air ach chuir sí ar meisge é bhí an t-ól chomh láidir sin. Nuair abhí sé ar meisge chuir sí isteach i leaba é agus thug sí purgóid dhó a d'íopochaidh a ghoile. Tosuigh sé cur amach ansoin agus bhi sí a faire air ariamh gur chuir sé amach an aobh agus shluig sí í. Nuair a d'éirigh seisean ar maidin b'éigin do imteacht leis agus gan an oiread aige agus dheanfhadh torran ar leic. D'ímtigh leis ansoin gur casadh garaieadoir leis a mbíodh sé a cainnt go minic leis. "Cé'n sort cóir sin ort" adeir an garaieadoir" dhe fhear abhí chomh saidbhir leat. Cuirfidh mé geall gur theangaidh an cailín leat gur chuir sí cóir eicint ort gur bhain sí dhíot an aobh abhí sluighthe a'd. "Chuir sí" adeir seisean. "Bféidir go gcuirfinn se an do chuid airgid fós thú " adeir an garaieadóir. Thug an garaieadóir culaith eduaigh aige. "Cuir ort í seo" adeir sé. Thug sé ciseán ubhall isteach aige "bí ag imteacht thart a díol na nubhall seo" adeir sé. "Coinnigh súil mhaith ar an ubhal mór seo go dteaghfaidh tú ag tigh na mná sin. Beidh a cloigeann amuigh thrí fhuinneóg thuas i mbarr a tigh. "Caith aníos ceann dhe na hubhlaí sin am a déarfhas sí go bhfeicfidh mé bhfuil siad milis." Caith suas an tubhall mór seo aici. Tá sé an mhilis agus chomh luach agus bheas an greim deirneach iththe aici beidh péire adharca móra fásta uirthi agus ní bheidh sí a ndon a cloigeann a tharringt isteach thríd a' bhfuinneog. Chomh luath agus d'fheiceas tusa na hadharca fásta uirthi teara chomh fada liom sa."

D'ímtigh sé leis a díol na nubhall go dtáinig sé chomh fada léithi-se agus a cloigeann amach thríd fhuinneog i mbarr a tighe. "Caith aníos ceann dhe na húbhlaí sin a'm" adeir sí go bhfeicfidh mé a bhfuil siad milis". "go deimhin nior ith tú ariamh níos milse" adeir seisean a caitheamh an ubhla mór suas aici. Thosuigh sí ag ithe an úbhla agus nuair abhí an greim deireneach iththe aici bhí péire adharca chomh mór le adharca fiadh fásta uirthi agus ní raibh aon amarc aici le fhaghailt ar san. Tháinig sé ar ais go dtí an garaieadóir bhfuil na hadharca fásta ad uirthi" adeir an garaieadóir. "Tá adeir sé. "Seo culaith éudaigh duit. Gaibh ar ais go dtí í aríst ní aithneóchaidh sí thú. Seo ubhall eile dhuit. Beidh an teach lán le dochtúirí ag iarraidh na hadharca bhainnt dhi. Gabh suas i mbarr a tigh fiarruigh dhíob a bhfuil siad i ndon na hadharca a bhainnt dhi. Déarfhaidh siad san nach bhfuil. Abair thusa go bhfuil tú féin a dul ga mbaint dhi. Ach cuir síos as barr a tigh ar fad iad. Tabhair an tubhla le nithe dhi agus nuair a bheas an tubhla iththe aici beidh na hadharca imthighthe dhi. Beidh sí an-tuirseach ansoin agus nuair a chuirfheas tú sa leabaidh í seo gráinne púdair dhuit agus thabhair dhi le nól ar ghloine fíon é agus iompóchaidh sí thart a cur amach. Bí tusa a faire go gcuirfidh sí amach an aobh agus sluig í. Ní fhéudfaidh sí tada a dheanamh ort níos mó."

D'ímtigh leis ansoin agus culaith doctúra air go dtáinig sé ag a teach. Bhí an áit lán le dochtúirí. "A bhfuil sib a féudachtáil na hadharca a bhainnt dhi adeir sé. "Níl" adeir siad "bhoil gabhigí síos as seo " adeir sé agus bainfidh mise dhi iad. Chuaidh sé suas ansoin agus thug

sé an tubhall di. Bhí sí breathnughadh ar an ubhal ansoin. "Ubhal a chuir orm cheanna é" adeir sí. "Má sead" adeir seisean bainfidh sé díot aríst é. "Dith sí an tubhall ansoin agus thuit na hadharca dhi. Thairring sé isteach ansoin í agus í mín marbh. Shín sé ar a leabaidh í agus thug sé gloine fíon di agus an púdar air. Chomh luath agus thuth sí ina codladh thosuigh sí a cur amach. Bhí seisean a faire gur chuir sí amach an aobh. Sgiob seisean í agus nith sé í agus shluig sé í. Nuair a dhúisigh sí ansoin dathnigh sí é. "Tá cuid mhór dhe do chuid airgid am sa" adeir sí. "Agus is fearr dhuit mé phosadh. "Níl aon locht a'm ar" adeir sé "ach cuirfidh mise poll maith in do chuid airgid ar dtús."Feudfhaidh tú do rogha rud a dheanamh leis" adeir sí.

Phós siad agus sé'n chéad mhaith rinne sé mála mór óir a chur ag an ngaraieadoir. Chuir sé carr lochtuighthe le or abhaile ag a mhathair agus d'orduigh sé a leath a thabhairt dhon cheannuidhe siopa agus an ingean a chur ar ais aige. Nuair a fuair an ceannuidhe siopa an tairgead bhí sé shathac gabhthadh ar an ingean a phosadh. Mair sé féin agus í féin an aonfhacht agus mhair an mac agus a bhean fhéin an aonfheacht aríst go brach

2/8/31.